C/2024/3833

14.6.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11246 — ROLEX / BUCHERER)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3833)

1. An 6 Meitheamh 2024 fuair an Coimisiún fógra faoi chomhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Rolex Holding SA ('Rolex', an Eilvéis),

— Bucherer Holding AG agus Bucherer Immobilien AG ('Bucherer', an Eilvéis).

Gheobhaidh Rolex rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Bucherer ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Rolex gníomhach den chuid is mó i bhforbairt, monarú agus margú uaireadóirí ardghradaim só, chomh maith lena ndíol le miondíoltóirí ar fud an domhain, lena n-áirítear in LEE,

— Tá Bucherer gníomhach den chuid is mó i ndíol uaireadóirí só nua agus athláimhe chomh maith le togha an tseodra le tomhaltóirí deiridh agus, go pointe teoranta, i monarú neamhspleách uaireadóirí agus seodra faoina bhrandaí féin, Carl F. Bucherer agus Bucherer Fine Jewellery, san Ostair, sa Danmhairg, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, sa Ríocht Aontaithe, sna Stáit Aontaithe, agus san Eilvéis.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11246 — ROLEX / BUCHERER

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').